



C/2025/4084

23.7.2025

Foilsíú iarratais ar mhodhnú a dhéanamh ar théarma traidisiúnta in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 28(3) agus Airteagal 34 de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta, lipéadú agus cur i láthair

‘Federweisser’

(C/2025/4084)

Laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údarais Bhallstáit nó tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlítheanach aige, agóid a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 22(1) agus Airteagal 27(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2019/34 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

IARRATAS AR MHODHNÚ A BHAINNEANN LEIS AN TÉARMA TRADISIÚNTA

‘Federweisser’

Dáta fála: 24.1.2025

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh) 3.

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Gearmáinis

Uimhir an chomhaid: Ares(2025)601034

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Federweisser**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Aireacht Chónaidhme Bia agus Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Rochusstraße 1, 53123 Bonn, an Ghearmáin

Náisiúntacht:

Teileafón, facs, ríomhphost: Teil.: +49 228995293622, +49 228995294262 Ríomhphost: 414@bmel.bund.de

Tuairisc ar an modhnú

1. Ba cheart litriú breise a bheith san ainm a éilíonn cosaint mar théarma traidisiúnta:

mar atá anois: ‘Téarma traidisiúnta: Federweisser’

mar a bheidh: ‘Téarma traidisiúnta: Federweisser / Federweißer’.

⁽¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, clár na n-ainmneacha faoi chosaint, cealú cosanta agus úsáid siombailí, agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas iomchuí seiceálacha (IO L 9, 11.1.2019, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/34/oj).

2. Ba cheart na hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó na tásca geografacha faoi chosaint lena mbaineann a leathnú:

mar atá anois: ‘Sonraíocht cháilíochta:

— Fíon ag a bhfuil tásca geografach faoi chosaint (TGFC)’

mar a bheidh: ‘Sonraíocht cháilíochta:

— Fíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

— Fíon ag a bhfuil tásca geografach faoi chosaint (TGFC)’.

3. Ba cheart an chatagóir táirge fíniúna lena mbaineann a athrú:

mar atá anois: ‘an chatagóir nó na catagóirí táirge fíniúna lena mbaineann:

— fíon’

mar a bheidh: ‘an chatagóir nó na catagóirí táirge fíniúna lena mbaineann:

— ‘úrfhíon fíonchaor leathchoipthe’.

4. Ba cheart an achoimre ar an sainmhíniú agus ar na coinníollacha úsáide a athrú:

mar atá anois: ‘Achoimre ar shainmhíniú/coinníoll úsáide:

Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe ag a bhfuil tásca geografach ón nGearmáin nó úrfhíon fíonchaor leathchoipthe ó Stáit eile de chuid an Aontais; tásca geografacha a thógtar ón gcrios fionsaothrúcháin “vin de pays”; “Federweißer”: san ainmniúchán is coitianta d’úrfhíon fíonchaor leathchoipthe i bhfianaise éagsúlacht réigiúnach na n-ainmniúcháin.’

mar a bheidh: ‘Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe ó úrfhíon fíonchaor úr ag a bhfuil tásca geografach faoi chosaint nó ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ó Bhallstát, ar úrfhíon é atá beartaithe lena thomhailt go díreach.’

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Maidir le: 1: Fágfaidh an t-athrú sin go gcuirfear an dá litriú a fhaightear go coitianta sa Ghearmáin san áireamh.

Maidir le: 2: Faoi dlí náisiúnta, níl úsáid an téarma teoranta d’fhíon ag a bhfuil tásca geografach faoi chosaint. Níor léiríodh é sin roimhe seo i ndlí an Aontais agus ba cheart, dá bhrí sin, é a shoiléiriú.

Maidir le: 3: Faoi dlí náisiúnta, ní fhéadfar an téarma ‘Federweisser/Federweißer’ a úsáid ach amháin le haghaidh táirge faoin gcatagóir táirge fíniúna ‘úrfhíon fíonchaor leathchoipthe’ dá bhforáiltear faoi phointe 11 de Chuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ar an gcúis sin, ba cheart dá bhrí sin an chatagóir táirge fíniúna ‘fíon’ atá ann faoi láthair dá bhforáiltear faoi phointe 1 de Chuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a ionadú.

Maidir le: 4: Cuirtear san áireamh san athrú sin leasuithe a rinneadh ar an dlí náisiúnta agus na coinníollacha is infheidhme anois maidir le húsáid an téarma.

Ainm an duine a bhfuil a ainm anseo thíos:

Síniú: